
# Droichead - Plean Tacaíochta don Scoláire – Iar-bhunscoil

| Sracfhéachaint |
| --- |
| Is é an Plean/Comhad Tacaíochta don Scoláire (CSP) agus Plean Tacaíochta Móide don Scoláire (SSPP) a chuireann ar chumas na scoileanna idirghabhálacha cuí a phleanáil agus chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn. Is dréachtdoiciméad é seo agus caithfidh sé a bheith solúbtha ionas go gceadófar leasuithe amhail riachtanas atá ag teacht chun cinn. Tá teimpléad Comhad Tacaíochta Scoláire cruthaithe ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) a chuireann ar chumas scoileanna é a formáidiú agus a chur in oiriúint.   |

| Cén fhaisnéis a bheidh ann? |
| --- |
| Tugann an Plean Tacaíochta Scoláire cúnamh do scoileanna taifead a dhéanamh ar riachtanais agus dul chun cinn scoláire ag a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais agus coinníonn sé an fhaisnéis seo ar fad ar bhealach atá inrochtana. Ba cheart go gcoinneofar taifeadtaí ó bhliain go bliain.<br><br>Ba cheart Plean Tacaíochta Scoláire a oscailt do gach scoláire a bhfuil idirdhealú á dhéanamh air ar bhealach suntasach, bíodh sé á dhéanamh i rang as múinteoir ábhair/múinteoir seomra ranga nó sa chás gur idirghabháil atá á déanamh ag Múinteoir Oideachais Speisialta (MOS) - i gcomhar leis an múinteoir ranga. Is iondúil go gcuimsítear na sonraí seo a leanas le CSP:<br><br>• Sonraí an Scoláire: Ainm, Seoladh Baile, Dáta breithe<br>• Faisnéis Chúlra: Aon deacracht dhiagnóisithe/riachtanas taifeadta, díolúine Ghaeilge, rochtain ar theicneolaíocht oiriúnaitheach, ionchur tuismitheora, baint le gníomhaireacht amhail Teiripe Urlabhra, Teiripe Shaothair etc.<br>• Leibhéal Reatha Feidhmíochta Oideachais: Torthaí ar mheasúnú diagnóiseach scoilbhunaithe lena n-áirítear sonraí amhail ainm an |


CC BY NC

scrúdaithe, dáta an scrúdaithe, scór caighdeánach, measúnuithe neamhfhoirmeálta amhail cairt achoimre faoi iompar, taifeadtaí tinrimh, críochnú na hoibre baile

- Láidreachtaí agus Spéiseanna: nádúr agus leibhéal na n-inniúlachtaí, scileanna agus na mbuanna atá ag an scoláire
- Údair imní an Scoláire a dtugtar tosaíocht dóibh: D'fhéadfadh go mbeadh baint ag na hábhair imní seo le litearthacht, uimhearthacht, mothúcháin nó iompraíocht
- Spriocanna don Scoláire: spriocanna fadtréimhseacha agus gearrthréimhseacha atá le baint amach
- Cineál Tacaíochta agus Minicíochta/Grúpála: Tacaíocht sa rang féin, tacaíocht do ghrúpaí beaga. tacaíocht don duine aonair
- Acmhainní agus Straitéisí le cur chun Feidhme: aon chlár speisialta a úsáidtear amhail SNIP, grúpa scileanna sóisialta, obair bhaile idirdhealaithe, baill foirne ábhartha
- Sínithe: Tuismitheoirí agus MOS(anna) ábhartha
- Review: Le comhlánú ag an múinteoir (na múinteoirí) mar athbhreithniú ar an bplean agus mar threoir do ghníomhartha amach anseo

## Próiseas Comhoibríoch

Is próiseas comhoibríoch é cur le chéile an CSP/CSPM lena gcuimsítear tuismitheoirí, an príomhoide, múinteoirí, cúntóir riachtanas speisialta, gairmithe ábhartha eile agus an scoláire. Ar an gcaoi chéanna, is cleachtas comhoibríoch é cur i bhfeidhm an CSP/CSPM lena gcuimsítear cur chuige na scoile uile i suíomh rúnda (ROS, 2017). Tá ról ag gach ball foirne agus ní mór dó faisnéis agus tuiscint a bheith aige ar a fhreagrachtaí maidir le cur i bhfeidhm an CSP/CSPM.

Tá sé tábhachtach go gcomhoibríonn an MOS agus an múinteoir/na múinteoirí ranga le chéile maidir le teacht ar chomhaontú faoi na torthaí/spriocanna sa phlean a n-oibreofar orthu, na straitéisí a úsáidfear chun na spriocanna sin a

bhaint amach agus an chaoi a ndéanfar taifead ar an dul chun cinn. Tá sé tábhachtach freisin go dtéann an MOS i gcomhairle le tuismitheoirí go rialta ó tharla go mbeidh baint acu le spriocanna a shocrú, straitéisí a chur i bhfeidhm sa bhaile maidir le spriocanna ar leith agus lena fháil amach an mbainfear na spriocanna céanna amach. Meastar gur dea-chleachtas é ionchuimsiú an scoláire é féin i spriocanna a shocrú, a chur i bhfeidhm agus a mheasúnú nuair is féidir agus is mór an tairbhe a bhaintear as an ionchuimsiú céanna.

## Cá Mhinice Ba Cheart Athbhreithniú a Dhéanamh ar Phlean Tacaíochta Scoláire/ar Phlean Tacaíochta Scoláire Móide?

Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh CSP/CSPM de réir bheartas na scoile, ach meastar gur dea-chleachtas é athbhreithniú a dhéanamh ar an CSP/CSPM in aghaidh an téarma. De ghnáth, cuirtear CSP/CSPM le chéile go deireanach i mí Mheán Fómhair agus déantar athbhreithniú ar i mí Eanáir ach ba cheart do na MNCanna dul i gcomhairle lena bpríomhoide, nó lena bhFoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) faoin gcleachtas sa scoil a bhfuil siad ag obair inti.

## Cén Áit a bhFuil Faisnéis Bhreise le Fáil faoi CSP/CSPM a Chur le Chéile agus i bhFeidhm?

Cuireann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) Treoirlínte d'Iar-Bhunscoileanna – Ag Tacú le Scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (CNOS, 2017), cuireann siad treoraíocht ar fáil maidir leis an bpróiseas (lena mbaineann trí chéim) chun tacú leis an scoláire ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais.

Is é an Leanúntas Tacaíochta d'Iar-Bhunscoileanna – Treoirlínte do Mhúinteoirí (NEPS, 2010) a chuireann forléargas cuimsitheach ar fáil maidir le riachtanais a shainaithint agus idirghabhálacha a fhorbairt agus a mheas chun aghaidh a

thabhairt ar na riachtanais chéanna ar aon dul leis an áit a bhfuil siad ar leanúntas ó éadrom go géar agus ó neamhbhuan go dtí leanúnach.

Sonraítear i gCuimsiú Scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu - Treoirlínte Iar-Bhunscoile (ROS, 2007) treoraíocht ar leith maidir le pleanáil ar leibhéal na scoile uile agus don scoláire aonair.

Cuirtear treoir ar fáil sna Treoirlínte maidir le Próiseas an Phlean Oideachais don Duine Aonair (CNOS, 2006) de chuid na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), treoir, maidir le dea-chleachtas chun pleananna oideachais atá saincheaptha don duine aonair a ullmhú, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú (CSPanna/CSPManna).


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers